

An choiscéim-se i gceann Laighneach

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 61]

Eochaidh Ó hEoghusa

1 An coiscéim-si a gceann Laighneach
do shúr aoibhe is umhailbhreath.
do mhian céimneaghaidh 'na gceann
tré fhiadh réidhleabhair Raoileann.

2 Go Laighnibh d'iarruidh innmhe
in toisg léir thriall Aithirne,
nárab í ar n-eachtra ón taobh thall,
ar n-eachtra ar-aon ní hionann

3 Ó dhúthaigh Con na ceardcha
teacht go Laighnibh láimhdhearga
do ghruadh Aithirne dob oil,
gér thuar raithinmhe a rochtain.

4 An tráth-sain, [gá ttámuid ris?]
tug imdheargadh is aithis
do mhnáibh na Laighneach go léir;
dom dháigh dob ainbhreath eiséin.

5 Mar nach fuair trá toil na mban
fá theacht leis a n-iath Uladh.
tré mhéin díomsaigh mur nár dhligh
do théigh gríosghoil 'na ngruaidhibh.

6 A n-aontumha ré hathaidh
Sadhbh inghean Chuinn Chédchathaigh;
do bhí sí sealadh mur soin,
do bhí a dearadh 'na duasuibh.

7 Tug móid ré heitioch éinfhir
in mhóid díomsach dhíchéillidh
dí do tréigeadh a togha
do léigeadh í a n-aontomha.

8 Téid Maicniadh mórmhac Luighdheach
dá súr tar toil triathMhuimhneach
a hiarMhumhain seal iar sin
go grianbhrughaibh fhear nUisnigh.

9 Mac Luighdheach na laoidheang ndubh,
ar Cholm Chédchathach Cruachan
Sadhbh iar soin do sireadh lais,
toil nár dligheadh gan díoghruis.

10 “As a teisd do tréigeadh í
gus an uair-si” ar in t-airdrí;
“fachain ualladh í d’fagháil,
sí dob uamhan d’iongabháil.”

11 Do gheall trá ná tiogfadh neach
aniar uaithe fá eiteach;
rug ó Thulaigh Dá Thí thoir
don Mhumhain í ar an eacht-soin.

12 Níor eitigh Sadbh neach fá nimh
ré linn Maicniadh múir Chaisil;
níor chosain neamhghnaoi im Chró gCuirc,
níor ghó don deaghmhnaoi a ndubhairt.

13 A gcló na céadmhná do-chuaidh
inghion Fhiachaidh an athuir
san Bhanbha bhraontana bhinn
damhna a haontamha aithnim.

14 Mar inghein airdríogh Eithne
ag súr fhir a huaisleighthe
sí a n-aontumha thoir ré treall
a Moigh raontana Raoileann.

15 Do thabhairt neith dá gach neach,
fear mur Mhaicniadh mac Luighdheach
d’uaislibh Cláir linnghil Logha
budh cáir d’inghin Fhiachadha.

16 Méin dearlaicthioch duas n-iomdha
rugadh lé a ló a geineamhna;
ní flaith cumhang as cóir dhí,
ní dóigh fulang a féile.

17 Giodh eadh ní hadhbhar uamhuin
buain uimpe ar aoi a mórualaigh,
gnáth an ana ’na haimsir,
bláth na fala Fiachaidh-sin.

18 Cathbhaidh agá chluinsin súd,
d’éigsibh Uladh fán am-úd
tug comhairle dár chóir toil;
ag fóir Modhairne méaroidh.

19 “Molta do na mnáibh a-muigh,
a éigsi Cuailnge,” ar Cathbhaidh,
“a ndéanaimh ós daoibh dlighthir,
déanaidh gan aoir aindlighthigh.”

20 Ó chrích Uladh an fheóir ghloin
tánag ar theagusc Cathbhaidh.
lé rithlearg do thaoibh toile
go craoibh ithlearg Almhoine.

21 Tánag ar theagusc in druadh
go Róis na bhfuighleadh bhfionnfhuar
tar Bóinn mbraoindeirg fán ngéis ngloin
le gaoidheilg d'éis a hóroidh.

22 Mall in tráth tánag a-nall
dá bhfuil liom go Róis romham;
ní fhuil aonrann gan fhighhe,
claonbharr lé bhfoil fáisdine.

23 Nár in tráth tánag lém laoidh,
éigsi cáich dá dreich ndonnchaoin
do ghnáithbhés mar is díor dhí,
ag sníomh a bhfáithghrés bhfoirfe.

24 Rann uaigneach ní fhuil am laoidh,
atáid uile ó aois macaoimh,
sgoth na n-ollamhan as fhearr.
ag commoladh a céimeann.

25 Coill adhmolta Innsi Floinn
do caitheadh lé Róis romhoinn;
ní bhí nuadhán feasda ag fíor
go fuarán teasda Tailtion.

26 Tréigthear bean as a beith fial,
laoithe cumhra cóig ndoirbhchliar
ag dol ina ndíormuibh dhí;
col ag ríoghruidh don Róis-si.

27 Searc dhí féin, fuath dá féile
ag uaislibh síl saoirChrédhe
gidh mór bhfear ar tí a togha
sí ré headh a n-aontomha.

28 A grádh 's a heagla re headh
atá ag buaidhreadh mac Míleadh
glór gach deighfhir thiar is toir
riar a heinigh ní fhéadtoir.

29 'Na cuid-si do chrích Conla
d'éigsibh sénta síothghorma
lán do shíor gach buinne bliocht
's díol a truime do thoirbhiort.

30 Blas meala ar mhogluibh foghmhuir,
díol 'nar dháil do dhonnchormuibh
gan aon fá dhíomdhaidh ag dol,
craobh ré [a] n-iongnaibh do íocfadh.

31 Fuair sisi do dhruim ar dháil,
a clú ar éigsibh dob eadráin;
a gcédghoimh dhí gér dhocar,
do bhrégnuigh sí an seanfhocal.

32 Tug in toice a treimhsi dhi,
deoch a huarán na héigsi
bean a hionnshamhla níor ibh
ar feadh fhionnadhbha Uisnigh.

33 Dáiltior ar a dreich n-iodhain
deoch mholta ón taoibh thuaidheamhain,
deoch a-niar dá nuadháil dí
a grian fhuaráin na héigsi.

34 Lucht adhmholta Innsi Fáil
dá luadh ó Bhuais go bionnMháigh
's ó Mháigh go Bóinn sribhghil soir
mar is cóir d'inghin Fhiachaidh.

35 Inghean Fhiachaidh Í Thuathail
nár chuir dlaoi ar dhonnchuachaibh
an bhé ghruadhchrcra ó ghurt Breagh
lucht luachmholta dá laoidheadh.

36 Róis toirbheartach nár thréig saoidh,
tánag 'na dáil lém dhanlaoidh
ó Mhoigh Cabha ón chrú Néill-si;
budh mana clú in coiscéim-si.